Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12200/26**

**DUAL USE 56**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 395 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le tarmligean na cumhachta, chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, a bronnadh ar an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lenar bunadh réimeas an Aontais chun onnmhairiú, bróicéaracht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 395 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 395 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2026
COM(2026) 395 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le tarmligean na cumhachta, chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, a bronnadh ar an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lenar bunadh réimeas an Aontais chun onnmhairiú, bróicéaracht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú)**

## 1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán (AE) 2021/821[1] (dá ngairtear 'an Rialachán maidir le Dé-Úsáid' nó 'an Rialachán' anseo feasta) an 20 Bealtaine 2021. Leis an Rialachán sin, aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle[2], agus déantar creat an Aontais maidir le rialú onnmhairí dé-úsáide a uasghrádú chun aghaidh a thabhairt ar dhul chun cinn teicneolaíoch, chun gnéithe a bhaineann le cearta an duine agus leis an tslándáil a fheabhsú agus chun cur chuige níos aontaithe ar fud Bhallstáit an Aontais a chinntiú, arb é is cuspóir dó freagairt do thírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú.

In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid, liostaítear ítimí nach mór do na Ballstáit a chur faoi réir rialuithe onnmhairí, lena n-ailínítear an Rialachán leis na cinntí a ghlactar sna córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí[3]. Cuimsítear earraí áirithe, a mheastar a bheith an-íogair, in Iarscríbhinn IV agus ceanglaítear údarú chun iad a aistriú laistigh den Aontas. In Iarscríbhinn II leagtar amach údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas chun earraí áirithe a onnmhairiú chuig cinn scríbe áirithe.

De bhun Airteagal 17 den Rialachán maidir le Dé-Úsáid, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18 chun liosta na n-ítimí dé-úsáide a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus IV a leasú agus chun Iarscríbhinn II a leasú trí ítimí a bhaint agus trí chinn scríbe a chur le raon feidhme na n-údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas, nó iad a bhaint de.

Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 9 Meán Fómhair 2021.

## 2. BUNÚS DLÍ

Le hAirteagal 18(2) den Rialachán maidir le Dé-Úsáid, ceanglaítear ar an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta.

## 3. FEIDHMIÚ THARMLIGEAN NA CUMHACHTA CHUN GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A GHLACADH

Idir an 9 Meán Fómhair 2021 agus an 9 Nollaig 2025, d'fheidhmigh an Coimisiún a údarás chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar sheacht n-ócáid chun a áirithiú go raibh liosta ítimí dé-úsáide an Aontais fós ailínithe le cinntí a glacadh laistigh de chórais iltaobhacha rialaithe onnmhairí, agus le gealltanais a rinne Ballstáit, mar chomhaltaí de Chomhshocraíocht Wassenaar, chun ítimí sa bhreis a rialú go haonfhoirmeach.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú), IO L 206, 11.6.2021, lch.1.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide a rialú, IO L 134, 29.5.2009, lch. 1.

[3] Is iad na príomhchórais iltaobhacha faoina n-aontaítear formhór rialuithe onnmhairí an Aontais Grúpa na hAstráile, an Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán, Grúpa na Soláthraithe Ábhar Núicléach agus Comhshocraíocht Wassenaar. Is comhalta de cheann de na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí atá ann cheana é an tAontas (Grúpa na hAstráile) agus isbreathnóir é i nGrúpa na Soláthraithe Ábhar Núicléach.

Ina theannta sin, mar fhreagairt ar an gcogadh foghach neamhdhleathach atá Cónaidhm na Rúise a chur ar an Úcráin, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe chun Cónaidhm na Rúise a eisiamh ó raon feidhme na n-údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas.

I gcomhréir le hAirteagal 18(4) den Rialachán maidir le Dé-Úsáid, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr sular ghlac sé na gníomhartha tarmligthe.

Ghlac an Coimisiún na seacht ngníomh tarmligthe seo a leanas:

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2003 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide[4]
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2547 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide[5],
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2616 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide[6],
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/996 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide[7]
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/66 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide[8],
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/699 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an Rúis, ina cáil mar cheann scríbe, a bhaint de raon feidhme na n-údaruithe ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas[9],
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide[10].

---

[4] C/2025/5947, IO L, 2025/2003, 14.11.2025.
[5] C/2024/6093, IO L, 2024/2547, 7.11.2024.
[6] IO L, 2023/2616, 15.12.2023.
[7] C/2023/1164, IO L 138, 25.5.2023, lgh. 1-252.
[8] C/2022/7424, IO L 9, 11.1.2023, lgh. 1-252.
[9] C/2022/2885, IO L 1301, 4.5.2022, lgh. 1-3.
[10] C/2021/7424, IO L 3, 6.1.2022, lgh. 1-260.

## 4. CONCLÚID

I bhfianaise an mhínithe a thugtar i Roinn 3, measann an Coimisiún go bhfuil gá soiléir le síneadh intuigthe a chur le tarmligean na cumhachta dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Rialachán maidir le Dé-Úsáid go ceann tréimhse bhreise 5 bliana eile.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.